

# COISTE COMHAIRLEACH UM POLASÁÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA

Scoil Chuimsitheach, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

4 Meitheamh 2019



## AN M. OID. SAN OIDEACHAS LÁN-GHAELIGE AGUS GAELTACHTA: TUAIRISC CHUN DÁTA

### 1. NA CRITÉIR IONTRÁLA NUASHONRAITHE DON CHOHÓRT NUA

Múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile cáilithe (príomhoidí san áireamh):

- a bhfuil bunchéim ábhartha / Diplóma larchéime san Oideachas/Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas acu ag Leibhéal Onóracha 2.2 nó níos airde atá aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta (Leibhéal 8 - Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí)
- atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go bhfuil ionductú agus promhadh curtha i gcrích acu
- a bhfuil post aitheanta i scoil aitheanta acu

agus

- a bhfuil fianaise acu ar ghnóthachtáil leibhéal B1 CEFRL, i ngach raon inniúlachta Gaeilge (éisteacht, léitheoireacht, idirghníomhaíocht labhartha, ginchumas ó bhéal, scríbhneoireacht) tar éis triail inniúlachta Gaeilge a dhéanamh a bheidh riartha go seachtrach agus an teastas soláthraithe ag “úsáideoir neamhspleách”.\*

Más mó líon na n-iarrthóirí ná an líon áiteanna ar fáil, beidh tosaíocht ag múinteoirí cáilithe le taithí trí bliana ar a laghad acu mar mhúinteoir agus a chomhlíonann na riachtanais iontrála thuasluaite.

### 2. LÍON NA MAC LÉINN AR AN gCLÁR M.OID. FAOI LÁTHAIR 2018/2019

Dáta	Meán Fómhair 2018	Deireadh Fómhair 2018	Eanáir 2019 go dáta
Líon na mac léinn	23	22	21
Míniú		Ghlac mac léinn amháin cead neamhláthaireachta ón gclár go MF 2020	Tá mac léinn amháin ar shaoire bhreiteachta ó Mí na Nollag 2018

### 3. NA SOCRUITHE CHUN LEIBHÉAL C1 CEFR A BHAINT AMACH FAOI DHEIREADH AN CHLÁIR 2020

- Tá ról lárnach sa chlár ag baint leis an staidéar follasach ar an teanga a bhaineann go sainiúil leis an oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Cuirtear na prionsabail agus na cleachtais CEFRL sin in oiriúint, déanfar iad a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm maidir le dearadh, forbairt agus seachadadh an chláir iarchéime hibridigh seo chun cur ar chumas rannpháirtithe a stór teangeolaíoch (thar gach scil) a leathnú agus caighdeán Leibhéal 1 CEFRL a bhaint amach ar chríochnú an chláir dóibh.
- Tugtar aiseolas spriocdhírithé tráthúil ó fhoinsí éagsúla do mhic léinn go leanúnach chun a ndul chun cinn ó thaobh teanga de a mheas agus a bheachtú
- Reáchtálar comhdhálacha aonair le mic léinn go rialta chun cuidiú leo plean inniúlachta a fhorbairt le haghaidh na Gaeilge thar gach inniúlacht teanga i gcomhréir le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.
- Deartar réimse éagsúil tascanna foghlama teangacha le cuidiú teicneolaíochta agus baintear an-úsáid astu ar bhealaí ilghnéitheacha chun freastal ar shainriachtanais aitheanta.
- Tugann ríomhphunann teanga deis do mhic léinn éirí níos feasaí ar a n-inniúlacht iarbhír i nGaeilge, ról na hinniúlachta chun an Ghaeilge a theagasc, agus ról na hinniúlachta chun ábhar a theagasc trí Ghaeilge.
- Moltar do rannpháirtithe an triail inniúlachta Gaeilge B2 CEFR a dhéanamh i Mí an Mheithimh 2019 (i. deireadh bhliain 1).

Tá léargas na hoibre seo ar fáil ag <https://www.dropbox.com/sh/vtm27ez5trqockb/AAA3cFI-4DBYq-UkaEt5K2F2a?dl=0>

### 4. FEACHTAS BOLSCAIREACHTA/MARGAÍOCHTA & PLEANÁLA DO 2019/20

Trí tharraingt ar an saineolas atá ag an bhFoireann Cumarsáide Corparáidí agus Margaíochta atá ag feidhmiú le fada an lá i gColáiste Mhuire gan Smál agus trí oibriú i ndlúthchomhar le Bainisteoir an Chláir, le Déan an Oideachais agus leis an Údarás Conarthachta, tá dianstraitéis mhargaíochta agus chumarsáide don chlár ar bun. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chuid na straitéise, agus gníomhaíochtaí eile nach iad:

- Leathanach tiomnaithe an chláir ar [www.mic.ie](http://www.mic.ie)
- Bileoga an chláir a scaipeadh ar gach scoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus ar eagraíochtaí ábhartha eile (sa phost, ar ríomhphost)
- Cuairteanna scoile curtha i gcrích
- Tá ról mór ag na meáin shóisialta sa straitéis seo, agus scaiptear go rialta príomhtheachtaireachtaí agus príomhaidhmeanna an chláir ar ardáin na meán sóisialta ar fad a bhíonn in úsáid ag CMgS. Bainfear leas as na meáin shóisialta, Twitter go sonrach, chun an clár seo a chur chun cinn i measc eagraíochtaí ábhartha.
- Féach gliocacha ar leith bunaithe ar aiseolas na mac léinn thíos:
- <https://twitter.com/MOidMIC/status/1117838495085682689>
- <https://twitter.com/MOidMIC/status/1122876360379248640>
- <https://twitter.com/MOidMIC/status/1121441643448741890>

- <https://twitter.com/MOidMIC/status/1121791772084989953>
- <https://twitter.com/MOidMIC/status/1125775237377875968>
- <https://twitter.com/MOidMIC/status/1124005108847652870>
- <https://twitter.com/MOidMIC/status/1123251842018938880>
- <https://twitter.com/MOidMIC/status/1126877570627264512>

## 5. LÍON NA N-IARRATAS ATÁ FAIGHTE ÓN gCOHÓRT NUA 2019/2020

Glacfar suas le 30 duine ar an gclár sa bhliain acadúil 2019/2020. Glacfar le h-iarratais ón lá inniu suas go dtí 30 Meitheamh 2019.

- Ar an 27 Bealtaine, bhí 21 iarratas istigh (3 cinn ón nGaeltacht)
- As an 21 iarratas, tá B1 CEFR le baint amach ag 17 go fóill
- Tá spéis léirithe ag 29 eile (atá anois ar liosta)

## 6. SOCRUITHE DON TEG – PLEANANNA DO 2019/20

### COMHLÍONADH NA gCRITÉAR IONTRÁLA TEG

Cuireann Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) sraith scrúduithe agus cáilíochtaí ar fáil do dhaoine fásta atá ag foghlaim na Gaeilge. Tá eolas ar leith maidir le leibhéil agus scrúduithe TEG ar fáil ag [www.teg.ie](http://www.teg.ie).

Beidh deis ag gach iarrathóir scrúdú B1 a dhéanamh roimh thús na bliana acadúla mar chuid den iarratas M. Oid. San Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

### SPRIOCDHÁTA DO NA hIARRTHÓIRÍ

- Scrúdú TEG ar siúl ar 11 Bealtaine 2019
- Scrúdú TEG ar siúl 24 Lúnasa 2019